
# Siopa na bPeataí



Fuair Liam a lán airgid dá bhreithlá. Chuaigh sé isteach i siopa na bpeataí sa chathair. Theastaigh uaidh peata a cheannach. D'oscail sé doras an tsiopa. Chuala sé duine ag caint ach ní fhaca sé éinne. Ansin chonaic sé **an phearóid** mhór istigh i **gcás**. An phearóid a bhí ag caint leis. Bhí a lán **cásanna** sa siopa. Bhí coiníní bána i gcás amháin agus lucha bána i gcás eile. Bhí **uisceadán** ar an gcuntar agus **éisc órga** istigh ann. Bhí bia de gach saghas i mboscaí agus i málaí ar na seilfeanna. Ar ball tháinig an siopadóir chuige agus cheannaigh Liam coinín bán agus dhá luch. Abhaile leis go **sona sásta**. Nuair a thaispeáin sé na peataí do Mhamaí chuir sí an ruaig air. **B'éigean dó** na lucha bána a thabhairt dá chara.

**Foclóir:**
**cásanna,** cages
**uisceadán,** aquarium

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cén fáth a ndeachaigh Liam isteach i siopa na bpeataí?
   — Bhí leabhair ag teastáil uaidh.
   — Theastaigh uaidh glasraí a cheannach.
   — Theastaigh uaidh peata a cheannach.
2. Cé a bhí ag caint nuair a chuaigh sé isteach sa siopa?
   — an siopadóir.
   — an phearóid.
   — an búistéir.
3. Cad a bhí istigh san uisceadán?
   — lacha bhán.
   — pearóid.
   — éisc órga.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. Fuair Liam a lán airgid dá — .
2. D'oscail sé — an tsiopa.
3. Bhí — de gach saghas i — agus i — sa siopa.
4. Abhaile leis go — — .
5. B'éigean dó na — — a thabhairt dá chara.

**C. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:**

1. Bhí sé sa chathair.
2. Ar an gcuntar.
3. Cheannaigh sé coinín bán agus dhá luch.
4. Chuir sí an ruaig air.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cá bhfuair Liam an t-airgead go léir?
2. Cá raibh an phearóid mhór?
3. Cad a bhí sna cásanna?
4. Cén fáth a raibh bia de gach saghas sa siopa?
5. Cén fáth ar chuir Mamaí an ruaig ar Liam?
6. Céard a rinne sé leis na lucha bána?
7. Céard a itheann coinín?
8. Céard a itheann lucha bána?

**Gramadach 9**

1. B'éigean dó **na lucha a thabhairt dá chara**.
   (oscail/an doras, ceannaigh/coinín bán.)
2. Ar ball tháinig an siopadóir **chuige**.
   (mise, tusa, ise, sinne, sibhse, iadsan.)